# Nuachtlitir Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí - Samhain 2020

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers

@jct_RE www.jct.ie info@jct.ie

**A Chomhghleacaithe OR,**

Fáilte go dtí eagrán mhí na Samhna de nuachtlitir OR na Sraithe Sóisearaí. Tá súil againn go raibh deis agaibh scíth a ligean ag an mbriseadh lár téarma tar éis cúpla mí dhúshlánach a bheith agaibh sa seomra ranga.

San eagrán seo díreoimid ar uimhearthacht in OR agus déanfaimid iniúchadh ar roinnt naisc thraschuraclaim idir OR agus Matamaitic, Tíreolaíocht agus Eolaíocht. Roinnfimid libh an nuacht spreagúil faoi sheoladh Me-ORú, podchraoladh nua OR ar Chainteanna na Sraithe Sóisearaí!

## Dátaí don dialann

**Samhain 2020**

**Imeachtaí agus ceiliúradh atá le teacht ón bhféilire idirchreidimh**

**1ú/ 2ú** **Lá na Naomh Uile / Lá na Marbh Uile (Día de los Muertos) (Críostaíocht)**

**8ú- 15ú** **Seachtain na hEolaíochta**

**14ú** **Diwali (Hiondúchas)**


**15ú - 21ú** **Seachtain Feasacht ar an Tíreolaíocht**

**25ú** **Lá Idirnáisiúnta chun Deireadh a chur le Foréigean in aghaidh na mBan**

## Príomhscil i bhFócas: A Bheith Uimheartha

Iarrann an scil seo ar scoláirí tabhairt faoi:

- Scileanna a chur in iúl go matamaiticiúil
- Meastachán, tuar agus ríomh a dhéanamh
- Meon dearfach a bheith acu i leith imscrúdaithe, réasúnaíochta agus réiteach fadhbanna




- Patrúin, treochtaí agus gaoil a fheiceáil
- Sonraí a bhailiú, a léirmhíniú agus a léiriú
- Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun scileanna agus tuiscint uim-

Le linn sheachtain na Matamaitice i mí Dheireadh Fómhair roinn cuid de na múinteoirí OR linn an obair thras-churaclaim a rinne siad agus léirigh sé oiread bealaí is féidir linn dul i ngleic le huimhearthacht in OR.

Ina measc sin, airítear:

- Scrúdú a dhéanamh ar chruthanna siombailí reiligiúnacha le 'súile matamaitice' chun a n-uillinneacha a fheiceáil.
- Na staitisticí ón Daonáireamh a léirmhíniú, le haird ar leith ar phatrúin agus ar threochtaí a fheiceáil.
- Amlíne a chruthú ar bhunú reiligiúin mhóra an domhain.

Ar an gcéad leathanach eile, feicfear tuilleadh smaointe agus tacaí d'uimhearthacht in OR.

## MRB 1

Beidh sonraí faoi thacaí nua do MRB 1 ar fáil go luath. Idir an dá linn, is pointe tosaigh iontach é i gcomhair do phleanála agus ullmhúcháin cuid 3 dár bhfísghabhálacha scáileáin 2019 / 2020.

https://www.jct.ie/religious_education/cpd_workshops_2019_2020

## Athfhriotal na míosa


*"Don't count the days, make the days count."*
*-Muhammad Ali*



## Leideanna teicneolaíochta

**Léarscáil Idirghníomhach Reiligiúin Dhomhanda ó PBS**

Fiosraigh creidimh reiligiúnacha ar fud an domhain trí léarscáil idirghníomhach a thaispeánann na reiligiúin is forleithne i ngach tír. Áirítear inti na cúig reiligiún dhomhanda ar chúrsa na Sraithe Sóisearaí chomh maith le cruinneshamhlacha neamh-reiligiúnacha.



https://www.pbslearningmedia.org/resource/sj14-soc-religmap/world-religions-map/

Sa léarscáil, tá cur síos gairid ar gach grúpáil reiligiúnach agus barraghraif a léiríonn an céatadán de dhaonra tíre a bhaineann le gach grúpáil, rud a fhágann gur bealach idéalach é seo chun scileanna uimhearthachta a thabhairt chun beatha in OR. Acmhainn iontach a bheadh ann freisin le húsáid le linn na Seachtaine Feasacht ar Thíreolaíocht a tharlaíonn an mhí seo!

## Straitéis mholta don fhoghlaim le linn scaradh sóisialta

**Ponclathas**

Sa straitéis seo inar féidir feabhas a chur ar scileanna uimhearthachta, oibríonn scoláirí le chéile trí vóta grúpa chun cinntí eolasacha a dhéanamh, ord tosaíochta a leagan síos agus teacht ar chomhréiteach. Tugann Ponclathas deis chomhionann do gach scoláire a thuairim a thaifeadadh, fiú sa ghrúpa is mó.



Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi leis an straitéis seo a úsáid i seomra ranga ina mbíonn scaradh sóisialta nó más foghlaim ón mbaile atá ar siúl, féach ar an nasc seo: https://www.jct.ie/wholeschool/pdf_strategies_for_active_engagement/dotmocracy.pdf

## OR sa Nuacht




**Ag smaoineamh as an Úr – Is bagairt ar an domhan s'againn an tsaint mhíthrócaireach**

Is é Séasúr na Cruthaitheachta, a bhí ar siúl ó Mheán Fómhair go Deireadh Fómhair, a ba chúis le roinnt ailt nuachta a bhaineann le TF 3.8 cosúil leis an gceann atá nasctha thíos. Tá súil againn go leanfaidh an topaic Aire don Domhan ar aghaidh sna ceannlínte ó tharla go bhfuil gá le gníomh práinneach. Is deis bhreise le haghaidh uimhearthachta in OR é staitisticí an athraithe aeráide a roinnt. Is topaic é seo a d'fhéadfaí a nascadh le hábhair eile, ina measc Tíreolaíocht agus Eolaíocht.
https://www.irishtimes.com/news/social-affairs/religion-and-beliefs/thinking-anew-ruthless-greed-threatens-our-world-1.4368778

## Nuashonrú ó Fhoireann OR: Seoladh Podchraolta

Is cúis áthais d'fhoireann OR tionscnamh nua OR sa tSraith Shóisearach a fhógairt agus muid ag tabhairt aghaidh ar shaol na bpodchraoltaí.

Beidh Me-ORú ina sraith d'eipeasóidí phodchraolta atá ar fáil ar Chainéal Podchraoltaí Chainteanna na Sraithe Sóisearaí. Tá an chéad eipeasóid ar fáil anois agus is comhrá é leis an Dr. Shane Bergin, Ollamh Eolaíochta in COBÁC. Déanann sé machnamh ar a thuras oideachais féin, agus cruinneshamhail eolaíoch aige agus cén fáth a gcreideann sé gur ábhar ríthábhachtach é OR do dhaoine óga sa lá atá inniu ann. Eipeasóid iontach í ar féidir í a roinnt le do chomhghleacaithe eolaíochta, díreach in am do Sheachtain na hEolaíochta! Cuardaigh podchraoltaí Chainteanna na Sraithe Sóisearaí ar líne nó cliceáil anseo:

https://podtail.com/en/podcast/junior-cycle-talks/

*Slán go fóill,*

*Foireann an Oideachais Reiligiúnaigh*